# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013**

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS DHÉANACH

# ARDLEIBHÉAL

***TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

***LÉITEAR AN tIOMLÁN SULA MARCÁILTEAR AON NÍ!***

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar trí fhoinse chuí a lua.

Gach foinse chuí a lua go cruinn = 2 mharc

**Údar + teideal amháin = 1 mharc**

**Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (m.sh. foilsitheoir, dáta) = 1 mharc**

2 mharc x 3 = uasmhéid 6 mharc maidir le 3 fhoinse

N.B. 'Ní ghlacfar le gnáth-théacsleabhair scoile mar fhoinsí oiriúnacha chun críche staidéir thaighde.' RO/CNCM *Treoirlínte*, lch 14.

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Maidir le gach ceann de na trí chritéar, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| ***Sainiú agus bunús*** (uasmhéid = 3 mharc) | ***Aidhmeanna a shonrú*** (uasmhéid = 3 mharc) | ***Cur chuige a shonrú*** (uasmhéid = 3 mharc) |
|---|---|---|
| Go han-mhaith = 3 | Go han-mhaith = 3 | Go han-mhaith = 3 |
| Go maith = 2 | Go maith = 2 | Go maith = 2 |
| Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 |

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt do na TRÍ fhoinse GO LÉIR | ***sármhaith*** = 22-25 marc<br>***go han-mhaith*** = 17-21 marc<br>***go maith*** = 13-16 mharc<br>***réasúnta*** = 9-12 mharc<br>***go lag*** = 0-8 marc |
| Gan ann ach tagairt do DHÁ fhoinse | ***sármhaith =*** 15-17 marc<br>***go han-mhaith*** = 12-14 mharc<br>***go maith*** = 9-11 mharc<br>***réasúnta*** = 6-8 marc<br>***go lag*** = 0-5 mharc |
| Gan ann ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***sármhaith*** = 8-9 marc<br>***go han-mhaith*** = 6-7 marc<br>***go maith*** = 4-5 mharc<br>***réasúnta*** = 2-3 mharc<br>***go lag*** = 0-1 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste staire = 50 marc     Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Sármhaith:*** 21-25<br>***Go han-mhaith:*** 16-20<br>***Go maith:*** 11-15<br>***Réasúnta:*** 6-10<br>***Go lag:*** 0-5 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc mar shampla***<br>Taighde sách domhain léirithe<br>Úsáid na bhfoinsí<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna | ***Sármhaith:*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i láthair – 10 marc***<br>Litearthacht<br>Léirchruinneas<br>Leagan Amach | ***Sármhaith:*** 9-10<br>***Go han-mhaith:*** 7-8<br>***Go maith:*** 5-6<br>***Réasúnta:*** 3-4<br>***Go lag:*** 0-2 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.

Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine, agus marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Sármhaith:*** 9-10
***Go han-mhaith:*** 7-8
***Go maith:*** 5-6
***Réasúnta:*** 3-4
***Go lag:*** 0-2

**ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE *(100 marc)***

***1. Tuiscint (20 marc)***

(a) Beag, róthrom, neamhghalánta, eaglach, taiscéalaí bán Eorpach steiréitipiciúil 5M

(b) Beidh an bheirt acu thíos leis (2M) de thoradh go dtitfidh an bheirt acu isteach san uisce (3M) 5M

(c) Go tapa/Chuir siad a cuid paratrúipéirí ansin 5M

(d) Bhain siad croitheadh chomh mór sin as an mbus gur ardaíodh den talamh é NÓ bhéic paratrúipéir 'Ba chóir go mbeadh an bastard seo criathraithe le piléir againn' NÓ Bhí siad dímheasúil agus ionsaitheach 5M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Tugtar le tuiscint sa dá dhoiciméad gur áit áit chontúirteach é an Congó.

Taispeántar Congólach agus é ag baint feidhme as scian, abhainn agus crogaill i nDoiciméad A.

Luaitear i nDoiciméad B an t-iompar mí-ordúil a léirigh na fórsaí ceannairceacha in arm an Chongó i dteannta na bparatrúipéirí Beilgeacha a raibh fonn lámhaigh orthu agus a bhí sotalach.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc Go han-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Go lag = 0-1 mharc

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = uasmhéid 5M 10M

(b) Tá fianaise ar chiníochas sa dá dhoiciméad

Doiciméad A
Tá an-fhonn ar an gCongólach an rópa a ghearradh agus is cosúil nach bhfuil a fhios aige go dtitfidh seisean isteach san uisce freisin má éiríonn leis. Seans go dtugann sé seo le tuiscint nach bhfuil sé chomh cliste céanna siocair go bhfuil sé dubh. Ní chuirtear an Beilgeach i láthair ró-dhearfach ach oiread; is duine míghnaíúil neamhchumasach é nach bhfuil oiriúnach don fheidhm.

Doiciméad B
Dhiúltaigh na paratrúpaí Beilgeacha sos cogaidh toisc nach bhféadfaidís na dualgais a roinnt leis na "hápaí dubha" agus tugtar le tuiscint go soiléir sa leithscéal a gabhadh le Lee Griggs go raibh a shaolsa ní ba luachmhaire ná Afracach gorm.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc Go han-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Go lag = 0-1 mharc

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = uasmhéid 5M 10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Cé nach léir i gceachtar doiciméad cé a bhí freagrach as an ngéarchéim, d'fhéadfaí argóinteacht a dhéanamh go ndeachaigh rudaí chun donais tar éis don Chongólach an rópa a ghearradh (Doiciméad A) agus de bharr iompar na bparatrúipéirí Beilgeacha (Doiciméad B).

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc Go han-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Go lag = 0-1 mharc

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = uasmhéid 5M 10M

(b) I nDoiciméad A, cruthaíonn an cartúnaí géarchéim bheoga láithreach don Bheilgeach agus don Chongólach araon. Is léir an baol láithreach atá fúthu (abhainn agus crogaill) agus is léir a chontúirtí atá gearradh an rópa. Is í láidreacht na foinse go bhfuil sí simplí agus go bhfuil tionchar láithreach aici.

Is í laige Dhoiciméad A nach ndéanann sí níos mó ná sin. Níl aon chomhthéacs stairiúil ann chun míniú a thabhairt ar an dóigh ar cuireadh an Beilgeach agus an Congólach i bponc mar seo. Cé go bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha an dá thaobh ríshoiléir, níl fianaise shásúil ar bith ar an dóigh a réiteofaí an ghéarchéim. I bhfocail eile, tá an cartún fónta go pointe áirithe.

*Marcáiltear gach láidreacht agus gach laige ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc Go han-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Go lag = 0-1 mharc

Freagra nach luann ach láidreacht amháin nó laige amháin
= Uasmhéid 5M 10M

*4. Comhthéacsúchán (40 marc)*

Tosaítear, le ceist 4, ar mharcáil de réir an ailt.

**Marc Carnach** = Uasmhéid 24 marc **Meastóireacht Ghinearálta** = Uasmhéid 16 mharc

**Marc Carnach (MC)**

Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó ina aonaid ba chomhionann le hailt.

Tharlódh alt nó comhionann ailt ar cheann acu seo a leanas:

(i) Réamhrá fiúntach ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim i sraith eachtraí;
(iii) Gné a bhaineann le topaic/ceist agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(iv) Pointe mar chuid d'argóint nó plé, agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(v) Míniú ar choincheap nó ar théarma agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(vi) Má tá roinnt ráitis shuntasacha fhiúntacha ann ina bhfuil fíricí, míniúchán nó tráchtaireacht, ainneoin gan ceangal ná gaol eatarthu, is féidir iad a thabhairt le chéile agus a mheas mar a bheadh comhionann ailt ann;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)

Nuair atá an freagra roinnte ina ailt nó a gcomhionann ag an scrúdaitheoir, bronnfar marcanna i leith gach ailt nó a chomhionann mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***Go han-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta:*** 3-5 mharc | Eolas teoranta / ar éigin é á chur i láthair |
| ***Go lag:*** 0-2 mharc | Gan tábhacht / gan baint le hábhar / botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**

Agus marcanna MG á mbronnadh, tabharfaidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith:*** 14-16 mharc
***Go han-mhaith:*** 11-13 mharc
***Go maith:*** 6-10 marc

***Réasúnta:*** 4-5 mharc
***Go lag:*** 2-3 mharc
***Go han-lag:*** 0-1 mharc

Agus marcanna MG á mbronnadh, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir ag súil le freagraí níos iomláine ná 40% i gcomparáid leis na freagraí ar na ceisteanna níos faide maidir le topaicí i Roinn 2 agus Roinn 3.

Leantar den phrionsabal seo maidir le marcáil de réir an ailt (MC agus MG) síos trí Roinn 2 agus Roinn 3. Bíonn marcanna MC agus marcanna MG i gcóimheas 60/40 le chéile ar feadh an scrúdpháipéir ar fad.

***Roinn 2: ÉIRE (200 marc)***
***agus***
***Roinn 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)***

Éilítear ar an iarrthóir i Roinn 2 agus i Roinn 3 freagra a thabhairt mar gheall ar cheist staire. Marcáiltear na freagraí faoi dhá cheannteideal:

**Marc Carnach (MC)** maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste mar a cuireadh í.
Uasmhéid MC = 60 marc.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** maidir le feabhas an fhreagra ina iomláine i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.
Uasmhéid MG = 40 marc.

***An freagra a mharcáil***

Agus an freagra á mharcáil, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir ag déileáil leis an ábhar maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí a bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an leibhéal seo agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó ina aonaid ba chomhionann le hailt:

(i) Réamhrá fiúntach ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim i sraith eachtraí;
(iii) Gné a bhaineann le topaic/ceist agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(iv) Pointe mar chuid d'argóint nó plé, agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(v) Míniú ar choincheap nó ar théarma agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(vi) Má tá roinnt ráitis shuntasacha fhiúntacha ann ina bhfuil fíricí, míniúchán nó tráchtaireacht, ainneoin gan ceangal ná gaol eatarthu, is féidir iad a thabhairt le chéile agus a mheas mar a bheadh comhionann ailt ann;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)

Bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna i leith gach ailt nó a chomhionann mar seo a leanas:

**Marc Carnach (MC)** (Uasmhéid = 60 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***Go han-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta:*** 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigin é á chur i láthair |
| ***Go lag:*** 0-2 mharc | Gan tábhacht / gan baint le hábhar / botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** (Uasmhéid = 40 marc)

***Sármhaith:*** 34-40 marc — Sármhaith sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, go háirithe sa chás go léirítear foghlaim mhionghéar, léitheoireacht leathanréimseach, cumas anailíse nó tráchtaireacht fhorleitheadach.

***Go han-mhaith:*** 28-33 marc — Go han-mhaith – ach gan é a bheith sármhaith – sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, i.e. cruinn agus cuimsitheach.

***Go maith:*** 22-27 marc — Ar chaighdeán maith ó thaobh an chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, ach gan é a bheith eisceachtúil maidir leis an eolas ná an tráchtaireacht a chuirtear ar fáil.

***Réasúnta:*** 16-21 marc — Iarracht réasúnta an cheist a cuireadh a fhreagairt, ach lochtanna sonracha air, m.sh: tráchtaireacht neamhiomlán, sonraí nach mbaineann le hábhar, míchruinneas ó thaobh fíricí.

***Go lag:*** 10-15 mharc — Go dona sa mhéid agus go dteipeann ar an iarrthóir an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt, ach fiúntas áirithe leis ina dhiaidh sin féin.

***Go han-lag:*** 0-9 marc — Freagra an-dona nach bhfuil ann, ar an gcuid is fearr de, ach blúiríní eolais.

Agus marcanna MG á mbronnadh, déanfaidh an scrúdaitheoir feabhas an fhreagra a mheas agus na gnéithe seo a leanas á dtabhairt san áireamh de réir mar is cuí:

- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas anailís a dhéanamh ar na nithe a bhaineann leis an gceist a cuireadh (i.e. níos mó ná tuairisc reacaireachta sa fhreagra)?

- Cé chomh maith is a láimhseáil an t-iarrthóir an fhianaise a bhaineann le hábhar a chuireann bonn iontaofa faoina c(h)uid anailíse?

- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas cúis a chur i láthair agus a theacht ar lón tátail (i.e. an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt)?

## *Nótaí maidir le topaicí faoi leith*

**ROINN 2: ÉIRE**
***(200 marc)***

Freagair ceist amháin as **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*Éire: Topaic 1*
**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (láidreachtaí + laigí)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Fíníneachas + leasuithe Liobrálacha)
   Mura bhfuil ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 2*
**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (an chorraíl faoi chúrsaí talún + stailc agus an frithdhúnadh 1913)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Thuaidh + Theas)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (dúshláin + deiseanna)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Éire + SAM)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (láidreachtaí + laigí)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: Cén **tábhacht** a bhain le...?
   Cuirtear é seo san áireamh agus MC agus MG á mbronnadh.

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (An Dara Comhairle Vatacánach + RTÉ)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
***(100 marc)***

Freagair ceist amháin as **ceann amháin** de na cúig thopaic thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: **Cé chomh maith** agus a...?
   Cuirtear é seo san áireamh agus MC agus MG á mbronnadh.

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (An Ghearmáin + an Iodáil)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (gnóthaí eachtracha + gnóthaí intíre)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: **Cé chomh maith** agus a...?
   Cuirtear é seo san áireamh agus MC agus MG á mbronnadh.

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: **réimis**
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (le linn síochána + le linn cogaidh)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50
   Smaoinítear ar an méid sin agus MC agus MG á mbronnadh

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: **rialtais**
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (gnóthaí intíre + gnóthaí eachtracha)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Truman + Johnson)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013**

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS LUATH

# ARDLEIBHÉAL

***TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

***LÉITEAR AN tIOMLÁN SULA MARCÁILTEAR AON NÍ!***

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar trí fhoinse chuí a lua.

Gach foinse chuí a lua go cruinn = 2 mharc

**Údar + teideal amháin = 1 mharc**

**Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (m.sh. foilsitheoir, dáta) = 1 mharc**

2 mharc x 3 = uasmhéid 6 mharc maidir le 3 fhoinse

N.B. 'Ní ghlacfar le gnáth-théacsleabhair scoile mar fhoinsí oiriúnacha chun críche staidéir thaighde.' RO/CNCM *Treoirlínte*, lch 14.

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Maidir le gach ceann de na trí chritéar, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| ***Sainiú agus bunús*** (uasmhéid = 3 mharc) | ***Aidhmeanna a shonrú*** (uasmhéid = 3 mharc) | ***Cur chuige a shonrú*** (uasmhéid = 3 mharc) |
|---|---|---|
| Go han-mhaith = 3 | Go han-mhaith = 3 | Go han-mhaith = 3 |
| Go maith = 2 | Go maith = 2 | Go maith = 2 |
| Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 |

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)**

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt do na TRÍ fhoinse GO LÉIR | ***sármhaith*** = 22-25 marc<br>***go han-mhaith*** = 17-21 marc<br>***go maith*** = 13-16 mharc<br>***réasúnta*** = 9-12 mharc<br>***go lag*** = 0-8 marc |
| Gan ann ach tagairt do DHÁ fhoinse | ***sármhaith* =** 15-17 marc<br>***go han-mhaith*** = 12-14 mharc<br>***go maith*** = 9-11 mharc<br>***réasúnta*** = 6-8 marc<br>***go lag*** = 0-5 mharc |
| Gan ann ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***sármhaith*** = 8-9 marc<br>***go han-mhaith*** = 6-7 marc<br>***go maith*** = 4-5 mharc<br>***réasúnta*** = 2-3 mharc<br>***go lag*** = 0-1 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste staire = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Sármhaith:*** 21-25<br>***Go han-mhaith:*** 16-20<br>***Go maith:*** 11-15<br>***Réasúnta:*** 6-10<br>***Go lag:*** 0-5 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc mar shampla***<br>Taighde sách domhain léirithe<br>Úsáid na bhfoinsí<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna | ***Sármhaith:*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i láthair – 10 marc***<br>Litearthacht<br>Léirchruinneas<br>Leagan Amach | ***Sármhaith:*** 9-10<br>***Go han-mhaith:*** 7-8<br>***Go maith:*** 5-6<br>***Réasúnta:*** 3-4<br>***Go lag:*** 0-2 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.

Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine, agus marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Sármhaith:*** 9-10
***Go han-mhaith:*** 7-8
***Go maith:*** 5-6
***Réasúnta:*** 3-4
***Go lag:*** 0-2

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE *(CDB) (100 marc)*

***1. Tuiscint (20 marc)***

(a) Cairt na cruinne (a rinneadh le litreoireacht Eorpach) 5M

(b) Gobharnóir (Sciauquin) 5M

(c) Chun míniú níos iomláine a thabhairt ar an Teagasc Críostaí 5M

(d) Mar gur chreid siad go mbeadh sé dodhéanta ag aon duine a leanann teagasc na nÍosánach dochar a dhéanamh do leas an phobail 5M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Léiríonn an dá dhoiciméad gur bhain na hÍosánaigh leas as ábhar clóite chun an creideamh Críostaí a chur chun cinn sa tSín.

Luaitear i nDoiciméad A go raibh an-suim ag na Sínigh i gcairt na cruinne de chuid Ricci. Nuair a rinne sé an leagan Síneach chuir sé nótaí nua faoin gcreideamh Críostaí leis. Le himeacht ama, rinne an saothar seo a bhealach isteach sna cúirteanna agus sna páláis is mó le rá sa tír.

Léirítear i nDoiciméad B go raibh meas ag na Sínigh ar Ricci toisc gur éirigh sé chomh heolach sin ar an tSínis. Bhí an-ráth faoina leagan Sínise den leabhar ar Theagasc Críostaí agus bhí an-mheas ag lucht léinn na Síne air dá bharr. Cionn is gur ghlac siad leis mar dhuine bhí siad ní ba shásta éisteacht lena theachtaireacht.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc Go han-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc 10M

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = Uasmhéid 5M

(b) Léirítear sa dá dhoiciméad gur chuir na Sínigh spéis in obair Ricci.

Luaitear i nDoiciméad A gur mhian leis an dream ba léannta i measc na Síneach leagan Sínise de chairt Ricci a fheiceáil. Rinne sé ceann agus rinneadh é a athcheartú, a atheagar agus a athchló go minic, rud a chuireann an t-éileamh mór a bhí air in iúl. Le himeacht ama, rinne an saothar seo a bhealach isteach sna cúirteanna agus sna páláis is mó le rá sa tír.

Luaitear i nDoiciméad B gur cuireadh leagan 1603 de leabhar Ricci i gcló ceithre huaire agus gur foilsíodh é i gcúigí éagsúla. Chuir Fumo Can, duine den aos liteartha, mórán cóipeanna i gcló ar a chostas féin. Bhí duine de na giúistísí i bPéicing chomh tógtha sin leis an leabhar gur thug sé cuairt ar Ricci,

ghabh sé leithscéal as a neamhaird roimhe sin agus gheall sé a chuid cairdis amach anseo dó.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc    Go han-mhaith = 4 mharc    Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc    Lag = 0-1 mharc    10M

Freagra nach luann ach doiciméad amháin = Uasmhéid 5M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Déantar an pointe i nDoiciméad A nár chuir Ricci aon rud ar athlá: "Chuaigh Ricci i mbun oibre ar an bpointe ar an tasc seo".
Bhí sé seiftiúil agus deistapaíoch; chreid sé go gcuirfí an Teagasc Críostaí chun cinn dá ndéanfaí cairt Sínise.
Bhí an fhadbhreathnaitheacht aige go dteastódh cairt ní ba mhó faoi choinne litreoireacht Sínise.

*Marcáiltear ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc    Go han-mhaith = 7-8 marc    Go maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc    Lag = 0-2 mharc    10M

(b) Láidreacht amháin a bhaineann le Doiciméad B mar fhoinse ná go bhfuil sonraí fíorasacha ann faoi eagráin éagsúla de leabhair ar Theagasc Críostaí a tháirg na hÍosánaigh sa tSín. Tá cuntas pearsanta ann freisin ar na focail urraime a dúirt giúistís Síneach le Ricci.

Laige amháin a bhaineann le Doiciméad B mar fhoinse ná go dtugtar samplaí ann den mhéid measa a bhí ag daoine áirithe (Fumo Can agus an giúistís Síneach) ar na hÍosánaigh gan aon fhianaise go raibh a gcáil ní b'fhorleithne ná sin. D'fhéadfadh sé tarlú go raibh na samplaí a luaitear ina dteagmhais ar leithlis.

*Marcáiltear gach láidreacht agus gach laige ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc    Go han-mhaith = 4 mharc    Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc    Lag = 0-1 mharc    10M

Freagra nach luann ach láidreacht nó laige = Uasmhéid 5M

***4. Comhthéacsúchán (40 marc)***

Tosaítear, le ceist 4, ar mharcáil de réir an ailt.

**Marc Carnach** = Uasmhéid 24 marc    **Meastóireacht Ghinearálta** = Uasmhéid 16 mharc

**Marc Carnach (MC)**

Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó ina aonaid ba chomhionann le hailt.

Tharlódh alt nó comhionann ailt ar cheann acu seo a leanas:

(i) Réamhrá fiúntach ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim i sraith eachtraí;
(iii) Gné a bhaineann le topaic/ceist agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(iv) Pointe mar chuid d'argóint nó plé, agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(v) Míniú ar choincheap nó ar théarma agus tagairtí d'fhíricí mar bhonn leis;
(vi) Má tá roinnt ráitis shuntasacha fhiúntacha ann ina bhfuil fíricí, míniúchán nó tráchtaireacht, ainneoin gan ceangal ná gaol eatarthu, is féidir iad a thabhairt le chéile agus a mheas mar a bheadh comhionann ailt ann;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)

Nuair atá an freagra roinnte ina ailt nó a gcomhionann ag an scrúdaitheoir, bronnfar marcanna i leith gach ailt nó a chomhionann mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***Go han-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta:*** 3-5 mharc | Eolas teoranta / ar éigin é á chur i láthair |
| ***Go lag:*** 0-2 mharc | Gan tábhacht / gan baint le hábhar / botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**

Agus marcanna MG á mbronnadh, tabharfaidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith:*** 14-16 mharc
***Go han-mhaith:*** 11-13 mharc
***Go maith:*** 6-10 marc
***Réasúnta:*** 4-5 mharc
***Go lag:*** 2-3 mharc
***Go han-lag:*** 0-1 mharc

Agus marcanna MG á mbronnadh, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir ag súil le freagraí níos iomláine ná 40% i gcomparáid leis na freagraí ar na ceisteanna níos faide maidir le topaicí i Roinn 2 agus Roinn 3.

Leantar den phrionsabal seo maidir le marcáil de réir an ailt (MC agus MG) síos trí Roinn 2 agus Roinn 3. Bíonn marcanna MC agus marcanna MG i gcóimheas 60/40 le chéile ar feadh an scrúdpháipéir ar fad.

**ROINN 2: ÉIRE** ***(200 marc)***
***agus***
**ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR** ***(100 marc)***

Éilítear ar an iarrthóir i Roinn 2 agus i Roinn 3 freagra a thabhairt mar gheall ar cheist staire. Marcáiltear na freagraí faoi dhá cheannteideal:

**Marc Carnach (MC)** maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste mar a cuireadh í.
Uasmhéid MC = 60 marc.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** maidir le feabhas an fhreagra ina iomláine i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.
Uasmhéid MG = 40 marc.

***An freagra a mharcáil***

Agus an freagra á mharcáil, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir ag déileáil leis an ábhar maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí a bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an leibhéal seo agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó ina aonaid ba chomhionann le hailt:

(i) Réamhrá fiúntach ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim i sraith eachtraí;
(iii) Gné a bhaineann le topaic/ceist agus tagairtí d’fhíricí mar bhonn leis;
(iv) Pointe mar chuid d’argóint nó plé, agus tagairtí d’fhíricí mar bhonn leis;
(v) Míniú ar choincheap nó ar théarma agus tagairtí d’fhíricí mar bhonn leis;
(vi) Má tá roinnt ráitis shuntasacha fhiúntacha ann ina bhfuil fíricí, míniúchán nó tráchtaireacht, ainneoin gan ceangal ná gaol eatarthu, is féidir iad a thabhairt le chéile agus a mheas mar a bheadh comhionann ailt ann;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmhéid 4 mharc)

Bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna i leith gach ailt nó a chomhionann mar seo a leanas:

**Marc Carnach (MC)** (Uasmhéid = 60 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Eolas cruinn, suntasach á chur i láthair go soiléir. |
| ***Go han-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Go maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta:*** 3-5 mharc | Eolas teoranta / ar éigin é á chur i láthair |
| ***Go lag:*** 0-2 mharc | Gan tábhacht / gan baint le hábhar / botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)** (Uasmhéid = 40 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 34-40 marc | Sármhaith sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, go háirithe sa chás go léirítear foghlaim mhionghéar, léitheoireacht leathanréimseach, cumas anailíse nó tráchtaireacht fhorleitheadach. |
| ***Go han-mhaith:*** 28-33 marc | Go han-mhaith – ach gan é a bheith sármhaith – sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, i.e. cruinn agus cuimsitheach. |
| ***Go maith:*** 22-27 marc | Ar chaighdeán maith ó thaobh an chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, ach gan é a bheith eisceachtúil maidir leis an eolas ná an tráchtaireacht a chuirtear ar fáil. |
| ***Réasúnta:*** 16-21 marc | Iarracht réasúnta an cheist a cuireadh a fhreagairt, ach lochtanna sonracha air, m.sh: tráchtaireacht neamhiomlán, sonraí nach mbaineann le hábhar, míchruinneas ó thaobh fíricí. |
| ***Go lag:*** 10-15 mharc | Go dona sa mhéid agus go dteipeann ar an iarrthóir an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt, ach fiúntas áirithe leis ina dhiaidh sin féin. |
| ***Go han-lag:*** 0-9 marc | Freagra an-dona nach bhfuil ann, ar an gcuid is fearr de, ach blúiríní eolais. |

Agus marcanna MG á mbronnadh, déanfaidh an scrúdaitheoir feabhas an fhreagra a mheas agus na gnéithe seo a leanas á dtabhairt san áireamh de réir mar is cuí:

- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas anailís a dhéanamh ar na nithe a bhaineann leis an gceist a cuireadh (i.e. níos mó ná tuairisc reacaireachta sa fhreagra)?

- Cé chomh maith is a láimhseáil an t-iarrthóir an fhianaise a bhaineann le hábhar a chuireann bonn iontaofa faoina c(h)uid anailíse?

- Cé chomh mór is a léirigh an t-iarrthóir cumas cúis a chur i láthair agus a theacht ar lón tátail (i.e. an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt)?

# *Nótaí maidir le topaicí faoi leith*

**ROINN 2: ÉIRE**
***(200 marc)***

Freagair ceist amháin as **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*Éire: Topaic 1*
**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn Thúdarach, 1494-1558**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (láidreachtaí + laigí)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (cúiseanna + torthaí i gcás na gcoilíneach)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

*Éire: Topaic 2*
**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (talamh + creideamh)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (gné a cuireadh i bhfeidhm + cé chomh rathúil agus a bhí sí)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Séan Ó Néill + Aodh Ó Néill)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

*Éire: Topaic 3*

**An ríocht in aghaidh na coilíneachta –**
**an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: TRÍ ghné (athruithe polaitiúla, eacnamaíochta agus creidimh)
   Mura bhfuil ach DHÁ CHEANN, Uasmhéid MC = 50
   Mura bhfuil ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Lováin + coláistí Éireannacha eile)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (na nithe ba chúis leis an gcogadh + rannpháirtíocht ón mór-roinn)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (téarmaí an Chonartha + cé chomh mór agus a cuireadh i bhfeidhm iad)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (na nithe a bhí ag cur as dó + an méid tionchair a bhí aige)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-70**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (cad ba chiall leis na Péindlíthe + cé chomh mór agus a maolaíodh iad)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (aidhmeanna + a mbaint amach)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (aidhmeanna + cén fáth ar theip air)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
***(100 marc)***

<u>Freagair ceist amháin as **ceann amháin** de na cúig thopaic thíos.</u>

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Athbheochan + Reifirméisean)
   Mura bhfuil ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Éiclips na Sean-Eorpa, 1609-1660**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (cén fáth agus cén chaoi + toradh)
   Mura bhfuil ach CEANN amháin, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (conas a aimsíodh impireacht + cé chomh luachmhar agus a bhí an impireacht)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (aidhmeanna + cé chomh maith agus a d’éirigh leis)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (cén fáth ar éiríodh amach + freagairt na mBriotanach)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

1. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (cén fáth ar bhris réabhlóid amach + cén fáth nach raibh Louis XVI ábalta í a smachtú)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

2. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

3. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40

4. Uasmhéid MC = 60
   Uasmhéid MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (sa bhaile + i gcéin)
   Mura dtugtar ach CEANN AMHÁIN, Uasmhéid MC = 50

Leathanach Bán

Leathanach Bán